Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11066 – BERKSHIRE PARTNERS / GTCR / POINT BROADBAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 78/10)

1. An 23 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Berkshire Partners LLC ("Berkshire", SAM),

— GTCR, LLC ("GTCR", SAM),

— Point Broadband Holdings, LLC ("Point Broadband" SAM), faoi rialú GTCR.

Gheobhaidh Berkshire agus GTCR rialú comhpháirteach ar Point Broadband de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromas phríobháideach é Berkshire atá lonnaithe i mBostún, SAM, a infheistíonn i gcuideachtaí a bhfuil seasamh maith acu, atá ag fás i réimse na teicneolaíochta agus na cumarsáide, i réimse an tomhaltóra, i réimse an chúraim shláinte, agus i seirbhísí gnó agus sa réimse tionsclaíochta.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é GTCR atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí fáis i dtionscail na Seirbhísí Airgeadais & na Teicneolaíochta, an Chúraim Shláinte, na Teicneolaíochta, na Meán agus na Teileachumarsáide agus na Seirbhísí Gnó.

— Soláthraíonn Point Broadband seirbhísí sonraí ardluais snáithín-a-fhad-leis-an-áitreabh do chustaiméirí cónaithe agus gnó atá faoin dtuath agus ar custaiméirí iad nach ndéantar freastal leordhóthanach orthu, sna Stáit Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11066 – BERKSHIRE PARTNERS / GTCR / POINT BROADBAND

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË